

Fearr beagán cloinne ná clann

[Mac Cionnaith, L. *Dioghlúim Dána*, Dublin, 1938, poem 27a]

1 “Fearr beagán cloinne ná clann,”
na sinnsir dá rádh romham
an glór do ghabh a ionadh
is lór damh do dhaingnioghadh.

2 A aithris ní heagail damh,
an seanóir is é m’ughdar;
choidhche ní tiachar tairse
briathar fhoirbhthe an ughdair-se.

3 Tig fiadhnaise an leabhair lais
dá ndeacham d’iarraidh eolais,
iul oile nach iarrtha dhúinn
achd briathra sgoile an sgrioptúir.

4 An chóir do-chuaidh ’n-ar n-aghaidh
ríoghan don fhréimh Íobhalaigh
go rug inghin do b’fhiu chloinn:
ní bhiu rer imdhigh oroinn.

5 Lucht an tnúith tug dá n-aire
a toice ’s a trócaire
dá clú go ndearnadar díoth
cnú do dheagmhogal Dáibhíoth.

6 Do shoillsigh Dia fa dheireadh
- ní comaoin nar cúitigheadh -
siad ga réir do rún croidhe
dá ghlún don fhréimh ríoghroidhe.

7 Do-rinneadh eatorra ar-aon
an [cluitedh] gur chuir d’éantaobh
dias nar mealladh re mianaibh
ceangal bhias gan bhaoithdhiamhair.

8 Mar a bhláth bhíos gach toradh;
nír féadadh a bhfuasgoladh
na clanna dar labhradh linn
[gur] snadhmadh Anna is laichim.

9 Do-bheirdis do no bochtaibh
a mbíodh acu d’iomarcaidh:
iongantach mar aimhleas dáibh
saidhbhreas iomarcach d’fhaghbháil.

10 A ghabháil san aois arsaidh
toircheas i dtráth éagcasmhail
do chloinn do-chóidh a n-aire
dóibh gur thoill a dtrócaire.

11 Do soillsigheadh a slighe
riamh ar fheadh a n-aimsire,
achd dubhadh ceatha ós a gcionn,
a mbeatha umhal is ísioll.

12 A mbeith gan cloinn fa cúis dí
fuair gach duine don dís-se
náire tar an ngaol dar ghin
a-raon gan [.]

13 D'éis a [. . .] d'obadh
miste an riocht i robhodar
fios a n-uaisle aca féin
na slata uaisle a héinfhréimh.

14 Fan tarcaisne tugadh dháibh
fóiridhin uadha d'fhaghbháil
a nglas do fhóir an t-aingéal;
a ndóigh as do b'éadaingean.

15 Do b'iad dá dhuais na deise
i n-éaraic a n-aithise,
grádh gach aonduine ortha,
naomhMuire do fhás eatortha.

16 Do pósadh re seanóir saoir
an inghean-so i n-aois mhachaoimh
Muire nó gur chealg i gcorp
ceard na n-uile ar a humhlocht.

17 Mac an tsaoir dá rádha ris
do-gheibheadh uainn mar aithis;
nír shaor a hógighe iomlán
laogh na hógighe ar ithiomrádh.

18 Do bhí uaidhe féin i bhfad
gá chaomhna ar cheilg námhad
a mac i n-iomdhaidh fholaigh
slat don fhiodhbhaidh íobhalaigh.

19 A-bhus i mbun an tréada
do an 'n-a fhior choimhéada
oidhre Dé d'áis an Athar
a pháis gur hé a hullmhachadh.

20 A-tá lem thosach ag teacht
páis Críost gur cheannuigh m'oidhreacht
[docair] fhuil [fúd] sa bhfocal
an fhuil úd dar n-anacal.

21 Doirrse na mball nír bhac de
d'osgladh tar éis a chéile
ón chéadchroidhe dá chridhibh
go bhféadfaidhe ar bhfóiridhin.

22 Do bhí Muire - gár mhó broid!
guin an taoibh truagh an fharraid -
ag buain sgéal an álaidh d'Eoin
gur sháruigh déar a doirseoir.

23 Oidhre nimhe ar nochtadh dhe
dá déaraibh do dhoirt Muire
a freasdal nach fuair a dearc
[ar n-uair] na n-easbal d'imtheacht.

24 Do chruinnigh uime an ealbha
do thruaighe dá tighearna
mar rug léim luighe fan lic;
fa géim na hoighe [má heilit].

25 Dar leat gur thuit 'n-a tathamh;
do thréig Muire a mothachadh
[ar ngoid] a croidhe ós a chionn;
a braid oile ní áirmhiom.

26 Ag labhairt re a dalta dhí
uisge a dearc do dhoirt Muire;
geall caithmhe ar fhuil an abhra
do chuir d'aithle a hagallmha.

27 An tráth do dhúin a dhearca
do chaith re hucht n-imtheachta
friochnamh agus roghrádh ris
do chomhrádh mhiodhchar mhilis.

28 Gach uair do saoilte dol dí
do-gheibhthí anam innte;
móide an cás méad a martra
a bás gur éag iasachta.

29 Saothar oirrdheirc na hAoine
is mó an t-adhbhar éagcaoine
an chlann dar dual dola ar neamh

ag tuar a fhola d'aithfear. Fearr.